

Gné 2: Prionsabail, amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra

Gníomhaíochtaí ar Phrionsabail a bhaineann le leanaí agus a saol sa luath-óige: Gníomhaíochtaí A-E

Gníomhaíocht E: D'íomhá ar leanaí a chomhroinnt le daoine eile

Tar éis duit obair a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí A, B, C agus D thar roinnt seachtainí nó míonna, agus tar éis duit roinnt athruithe a chur i bhfeidhm d'fhonn cur ar chumas na leanaí a gcuid muiníne agus inniúlachta a léiriú, seans gur cabhair é an t-athrú seo a chomhroinnt le daoine eile. D'fhéadfá súil siar a chaitheamh ar an ráiteas gairid a scríobh tú mar chuid de Ghníomhaíocht A le cur síos a dhéanamh ar an dearcadh nua is léir anois in obair laethúil an tseomra nó an tsuímh. Féadfar é seo a dhéanamh trí alt gairid a scríobh nó trí ghrianghraif de na leanaí, a bhfuil foscríbhinní faoina mbun, a chur i dtoll a chéile mar phóstaer, agus é sin a chur ar taispeáint sa seomra nó i láthair chomhchoiteann sa suíomh.

Samhlaímid naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bheith...